Lá na bPeataí

Tasc A

Rólimirt

Tá lá speisialta eagraithe ag an scoil do na daltaí – Lá na bPeataí. Tá cead ag na páistí peata a thabhairt ar scoil agus a thaispeáint do na páistí eile. Tosaíonn tusa agus do chara ag labhairt faoi na peataí difriúla atá ar fáil agus b'fhéidir faoi pheataí atá agaibh féin nó is mian libh a fháil.

Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le tacú leis an chomhrá. Bí cinnte go mbíonn seal ag an bheirt agaibh na ceisteanna a fhreagairt. Ná déan dearmad freagairt leis an bhriathar nuair is féidir.

1. **An bhfuil peata agat féin? Má tá, déan cur síos air.**
2. **Cad é mar a thugann tú aire do pheata?**
3. **Cén sórt bia a thugann tú do pheata? (Is féidir peata a roghnú.)**
4. **Cén áit a gcónaíonn madadh nuair a bhíonn sé ina pheata ag duine?**
5. **Mínigh an tábhacht a bhaineann le spás do pheata a choinneáil glan?**
6. **Cé acu is fearr leat – madadh nó cat? Mínigh do rogha.**
7. **Dá dtiocfadh leat bheith i d'ainmhí, cad é an t-ainmhí a roghnófá?**
8. **Dá dtiocfadh leat peata a roghnú áit ar bith sa domhan, cad é a roghnófá?**

Seo frásaí úsáideacha agus cora cainte le tacú leat

- Mo pheata/do pheata/ár bpeataí
- Lapaí/cluasa/crúba/eireaball/fionnadh
- Cleití/gainní/sliogán/cloigeann
- Ag léim/ag siúl/ag sodar/ag rith/ag súgradh/ag eitilt
- Cás/pluid/bréagáin
- Bia/uisce
- Cás a ghlanadh go rialta
- Tréidlia – dochtúir na n-ainmhithe
- Áit the shábháilte.
- Grá agus aire a thabhairt d'ainmhithe
- Coiléar/iall
- Dul ar siúlóid
- Spórt agus spraoi
- Madadh/cat/coinín/éan/hamstar/turtar/laghairt
- Eiteoga
- Siopa na bpeataí
- Scuabadh
- Ar fud an domhain/ar chlár na cruinne

Seanfhocail

Briseann an dúchas trí shúile an chait.
Is trom cearc i bhfad.

Rabhlóga

Seacht sicín ina seasamh sa tsneachta lá seaca.
Cearc ag piocadh piobair de phláta Pheadair.

© CCEA 2022

Lá na bPeataí

Tasc B

1. Fiosrúchán – Peata

Roghnaigh peata nó ainmhí nach bhfuil mórán eolais agat air. Déan fiosrúchán faoi ar an idirlíon. Úsáid na rudaí seo a leanas le cuidiú leat:

- Ainm an ainmhí.
- Dath nó dathanna an ainmhí.
- Cén tír dúchasach atá ag an ainmhí seo?
- Bia a itheann an ainmhí.
- Trealamh atá de dhíth air – le dul ag siúl/ag taisteal/bheith beo.
- Rudaí ar leith faoin ainmhí – rudaí a bhfuil dúil ag an ainmhí seo iontu agus rudaí nach bhfuil dúil aige iontu.

Is féidir leabhrán a dhéanamh nó leathanach leis an eolas uilig a bhreacadh síos. Thiocfadh fosta íomhanna a tharraingt nó a phriontáil agus a ghreamú leis an eolas atá bailithe agat. Cuir an t-eolas seo i láthair an ranga le cur i láthair leictreonach.

2. Ainmhí fantaisíochta

Cuireadh ceist ort ainmhí fantaisíochta a chruthú. Caithfidh tú ainmhí a chumadh. Tá cead agat cumhacht speisialta a thabhairt dó. Tarraing d'ainmhí ar phíosa páipéir ar dtús. Ansin thig leat lipéid a chur thart air le míniú a thabhairt ar chodanna an choirp agus ar na rudaí difriúla is féidir leis a dhéanamh. Seo pointí le cuidiú leat:

- Cén chuma atá ar an ainmhí seo?
- Cá mhéad cos, súil srl atá aige?
- An bhfuil cumhacht ar leith ag an ainmhí seo, mar shampla, an dtig leis eitilt/caint/ceol?
- An bhfuil ainm ar an ainmhí seo?

Má tá tú sásta leis an ainmhí a chruthaigh tú, thiocfadh leat cóip níos mó a tharraingt agus/nó é a thaispeáint don rang.

© CCEA 2022